Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12395/26**

**PROCIV 165**
**COHAFA 69**
**COJUR 45**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 401 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht laistigh d'Eagraíocht na Náisiún Aontaithe le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 401 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 401 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2026
COM(2026) 401 final

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht laistigh d'Eagraíocht na Náisiún Aontaithe le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Leis an moladh seo, tá an Coimisiún ag iarraidh údarú ón gComhairle chun páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht faoi chomhaontú iltaobhach maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí, thar ceann an Aontais Eorpaigh (AE), faoi chuimsiú Eagraíocht na Náisiún Aontaithe.

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

In 2016, ghlac Coimisiún Dlí Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe na Dréacht-Airteagail maidir le Daoine a Chosaint i gCás Tubaistí (Dréacht-Airteagail).[1] I mí na Nollag 2024, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 79/128 inar chinn sé coinbhinsiún iltaobhach a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí roimh dheireadh 2027[2], ós rud é nach bhfuil aon ionstraim dlí idirnáisiúnta chuimsitheach ann faoi láthair maidir leis an ábhar sin.

Rannchuidigh an tAontas go gníomhach leis an gCoimisiún Dlí Idirnáisiúnta le linn a chuid oibre ar na Dréacht-Airteagail ó bhí 2011 ann agus ba dhíol sásaimh dó gur glacadh na Dréacht-Airteagail in 2016 chomh maith le Rún 79/128 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, inar cuireadh in iúl go bhfuil gá le córas cuimsitheach domhanda dlí chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar chosaint daoine i gcás tubaistí, agus thug sé dá aire an fhéidearthacht atá ann coinbhinsiún idirnáisiúnta a fhorbairt ina leith sin.

Tar éis cuireadh a fháil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, thíolaic an tAontas togra le haghaidh leasuithe ar Dhréacht-Airteagail an Choimisiúin Dlí Idirnáisiúnta i mí na Nollag 2025.[3] Seachas an tAontas, rinne 26 Stát, lena n-áirítear 8 mBallstát den Aontas [4], tograí chun na Dréacht-Airteagail a leasú.

Thiomsaigh na Náisiúin Aontaithe na tograí sin i dtéacs comhdhlúite tar éis an tseisiúin atosaithe den Séú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ón 6 go dtí an 10 Aibreán 2026 i Nua-Eabhrac. Beidh an téacs comhdhlúite ina bhonn don chaibidlíocht fhoirmiúil atá le bheith ar siúl ar feadh 3 seachtaine ón 25 Eanáir go dtí an 12 Feabhra 2027 i Mainile, agus, más gá, ar feadh 2 sheachtain eile i mí Lúnasa 2027[5].

Bheadh sé chun leas an Aontais páirt fhoirmiúil a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir leis an gcoinbhinsiún chun comhsheasmhacht a áirithiú le creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana i réimsí na Cosanta Sibhialta agus na Cabhrach Daonnúla. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún go nglacfadh an Chomhairle cinneadh chuige sin agus go n-ainmneodh sí an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais faoi Airteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

1 Féach Dréacht-Airteagail an Choimisiúin Dlí Idirnáisiúnta maidir le Daoine a Chosaint i gCás Tubaistí.

2 Rún 79/128 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, mír 4.

3 Féach Rún 79/128 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe mír 7 agus Togra an Aontais le haghaidh Leasuithe a tíolacadh i mí na Nollag 2025.

4 Fuair Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe aighneachtaí ó DE, FR, IE, SI, IT agus aighneacht chomhpháirteach ó na tíortha Nordacha, lena n-áirítear DK, SE agus FI. Chun liosta a fháil de na haighneachtaí uile a fuarthas, féach anseo.

5 Féach Rún 80/L.14 ón Séú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá rannpháirtíocht an Aontais sa chaibidlíocht faoin gcomhaontú iltaobhach a bheidh ann amach anseo comhsheasmhach lena inniúlachtaí i réimse na cosanta sibhialta agus na cabhrach daonnúla.

De bhun Airteagal 196 CFAE, tacaíonn an tAontas le gníomhaíocht na mBallstát maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i gcás tubaistí laistigh den Aontas, agus cuireann sé comhsheasmhacht chun cinn in obair idirnáisiúnta cosanta sibhialta. D'fheidhmigh sé an inniúlacht sin le glacadh Chinneadh 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta[6]. Féadfaidh aon tír ar domhan Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a ghníomhachtú chun an cúnamh is gá a iarraidh chun déileáil le héifeachtaí tubaiste. Maidir le cabhair dhaonnúil, cuireann Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar chumas an Aontais cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i ngátar i dtíortha agus i réigiúin atá ag tabhairt aghaidh ar thubaistí nádúrtha nó ar thubaistí de dhéantús an duine. Is le Rialachán (CE) Uimh. 1257/96[7] ón gComhairle (an Rialachán maidir le Cabhair Dhaonnúil) a rialaítear gníomhaíocht an Aontais i réimse na cabhrach daonnúla. Ar bhonn an Rialacháin sin, leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach an 27 Bealtaine 2026[8] straitéis chun cabhair dhaonnúil na hEorpa a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos athléimní.

I gcomhréir lena threoirphrionsabail maidir le hurraim don daonlathas, don smacht reachta, do chearta an duine, do rialacha agus do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba dhíol sásaimh don Aontas Dréacht-Airteagail an Choimisiúin Dlí Idirnáisiúnta a glacadh in 2016 mar rannchuidiú tábhachtach leis an dlí idirnáisiúnta um thubaistí.[9]

Measann an tAontas go sonrach go bhféadfadh coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí na sásraí agus na gníomhaíochtaí atá ag an Aontas cheana i réimsí na cosanta sibhialta agus na cabhrach daonnúla a chomhlánú. I ndáil leis sin, tá gá le rannpháirtíocht an Aontais sa chaibidlíocht fhoirmiúil chun a áirithiú go mbeidh téacs na hionstraime a bheidh ann amach anseo comhsheasmhach le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, go háirithe Cinneadh 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus an Rialachán maidir le Cabhair Dhaonnúil 1257/96 agus chun bonn eolais a chur faoin gcinneadh ón gComhairle a bheidh ann amach anseo maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart don Aontas aontú dó ar deireadh. Is é is aidhm do Dhréacht-Airteagail an Choimisiúin Dlí Idirnáisiúnta go háirithe dualgas a chur isteach maidir le comhar i measc Stát agus idir Stáit agus gníomhaithe cúnaimh eile chun cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i ngátar agus oibleagáidí a leagan síos do Stáit a ndéanann tubaiste difear dóibh agus do ghníomhaithe cúnaimh chomh maith. Dá bhrí sin, d'idirghníomhódh an coinbhinsiún a bheidh ann amach anseo le Cinneadh 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta lena leagtar síos creat le haghaidh comhar idir na Ballstáit chun tubaistí a chosc, chun ullmhú dóibh agus chun freagairt dóibh. Idirghníomhódh rialacha an choinbhinsiúin a bheidh ann amach anseo freisin leis an gcaoi a gcuireann an tAontas cabhair dhaonnúil ar fáil

6 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

7 Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil (IO L 163 2.7.1996, lch. 1).

8 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Luachanna a chosaint, athchóiriú a spreagadh, tionchar a imirt: gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais in ord domhanda atá ag athrú, JOIN(2026)25 Final, an 27 Bealtaine 2026.

9 Féach an Ráiteas thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Cosaint Daoine i gcás tubaistí, an Séú Coiste, an 4 Deireadh Fómhair 2023.

do thríú tíortha faoi Rialachán 1257/96. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach ailíniú a lorg, trí bhíthin rannpháirtíocht sa chaibidlíocht, idir na hionstraimí seanbhunaithe bainistithe tubaistí sin agus rialacha an choinbhinsiúin a bheidh ann amach anseo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cé go mbaineann an chaibidlíocht faoin gcoinbhinsiún maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí go príomha leis an gcosaint shibhialta agus leis an gcabhair dhaonnúil, d’fhéadfadh an ionstraim a bheidh ann amach anseo difear a dhéanamh freisin do bheartais eile de chuid an Aontais lena gcuirtear cistiú ar fáil le haghaidh athléimneacht ó thubaistí agus chun freagairt do thubaistí. D’fhéadfadh an chaibidlíocht a bheith ábhartha maidir leis na cláir chistiúcháin seo a leanas agus maidir leis na cláir a thiocfaidh ina n-áit amach anseo[10]: an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda[11], an Beartas Comhtháthaithe[12] faoina bhféadfar gníomhaíochtaí náisiúnta um chosc agus um bainistiú rioscaí tubaiste a chistiú, an Clár LIFE[13], Fís Eorpach[14], an Clár don Eoraip Dhigiteach[15], an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe[16] agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe[17].

---

[10] Ghlac an Coimisiún na tograí seo a leanas le haghaidh rialachán: COM/2025/555 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas (‘CEI’) a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach]; COM (2025) 543 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh , agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695; COM/2025/565 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509; COM(2025) 559 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [Ciste CNR] don tréimhse ó 2028 go 2034.

[11] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle IO L 209, 14.6.2021, lgh. 1–78.

[12] Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, IO L 231, 30.6.2021, lgh. 60–93.

[13] Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) IO L 172, 17.5.2021, lgh. 53–78.

[14] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, IO L 170, 12.5.2021 lgh. 1-68.

[15] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240, lgh. 1-34.

[16] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí substainteach**

Is iad Airteagail 196 agus 214 CFAE na bunúis dlí shubstainteacha don mholadh seo, ós rud é go mbaineann forálacha beartaithe an choinbhinsiúin a bheidh ann amach anseo leis an gcosaint shibhialta agus leis an gcabhair dhaonnúil araon. Le hAirteagal 196 CFAE, tugtar bunús dlí don Aontas gníomhú i réimse na cosanta sibhialta. Ar bhonn níos coincréití, cuireann sé ar chumas an Aontais, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta a bhunú chun cuidiú le comhar a spreagadh idir na Ballstáit chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras chun tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine a chosc agus chun cosaint a thabhairt ina gcoinne. Maidir leis an gcabhair dhaonnúil, cuireann Airteagal 214(4) CFAE ar chumas an Aontais cúnamh, faoiseamh agus cosaint a sholáthar *ad hoc* do dhaoine i dtríú tíortha ar íospartaigh tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine iad, chun freastal ar na riachtanais dhaonnúla, agus aon chomhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla chun cuidiú le cabhair a thabhairt do dhaoine atá i ngátar.

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Déanfar foráil le hAirteagal 218(3) CFAE go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála.. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann chaibidlíochta an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 218(4) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú a mbeidh ar an idirbheartaí dul i gcomhairle leis.

Molann an Coimisiún don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta faoi choimirce na Náisiún Aontaithe maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí. Tá an Coimisiún le hainmniú mar idirbheartaí.

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

- **Roghnú an idirbheartaí**

Ós rud é nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú atá beartaithe ach ábhair nach n-áirítear leo an comhbheartas eachtrach agus slándála, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar an t-idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

- **Inniúlacht an Aontais**

Thiocfadh coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí a bheadh bunaithe ar théacs Dhréacht-Airteagail an Choimisiúin Dlí Idirnáisiúnta faoi réim inniúlachtaí

---

faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013, lgh. 1-86.

[17] Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004, IO L 247, 13.7.2021, lgh. 1-49.

an Aontais i réimse na cosanta sibhialta agus na cabhrach daonnúla.[18] In Airteagal 6(f) CFAE, aicmítear 'cosaint shibhialta' go sainráite mar inniúlacht tacaíochta, chomhordaitheach nó chomhlántach de chuid an Aontais. Sa chleachtas, bhunaigh an tAontas Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, ar sásra comhordúcháin é atá beartaithe tacú le gníomhaíochtaí cosanta sibhialta na mBallstát. Maidir leis an gcabhair dhaonnúil, foráiltear le hAirteagal 4(4) CFAE go bhfuil inniúlacht chomhthreomhar ag an Aontas maidir leis an gcabhair dhaonnúil, rud a chiallaíonn nach gcuireann inniúlacht an Aontais i réimse na cabhrach daonnúla cosc ar na Ballstáit leanúint dá n-inniúlacht a fheidhmiú sa réimse sin (Airteagal 4(4) CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is minic a bhíonn éifeachtaí díobhálacha trasteorann ag tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dheasca an duine, a chuireann siad isteach ar fheidhmiú na sochaí agus an mhargaidh inmheánaigh agus a éilíonn siad freagairtí comhordaithe cosanta sibhialta, chomh maith le cabhair dhaonnúil ar an leibhéal Eorpach chun cabhrú le daoine atá i ngátar i dtríú tíortha. Mar a fhoráiltear sna Conarthaí, tá an tAontas gníomhach i réimse na cosanta sibhialta agus na cabhrach daonnúla. Maidir leis an gcosaint shibhialta, tá creataí comhchoiteanna bunaithe aige le haghaidh comhair agus comhordú oibríochtúil i measc na mBallstát agus na Stát Rannpháirteach le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Coinbhinsiún atá beartaithe chun rialacha a leagan amach maidir le comhar agus cúnamh idirnáisiúnta mar fhreagairt ar thubaistí, d'idirghníomhódh sé go díreach le reachtaíocht agus beartais an Aontais atá ann cheana maidir le cosaint shibhialta agus cabhair dhaonnúil.

Le rannpháirtíocht an Aontais, áiritheofar creat dlíthiúil comhsheasmhach idirnáisiúnta agus Eorpach maidir le freagairt do thubaistí ionas nach mbainfear an bonn de chomhleanúnachas agus de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach bhearta an Aontais atá ann cheana. Chuirfeadh rannpháirtíocht an Choimisiúin sa chaibidlíocht le cumas comhchoiteann an Aontais téacs an choinbhinsiúin a mhúnlú ar bhealach atá comhsheasmhach le prionsabail agus reachtaíocht an Aontais, rud atá tábhachtach. Ar deireadh, chuirfeadh rannpháirtíocht fhoirmiúil sa chaibidlíocht ar chumas an Aontais dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh óna thaithí uathúil mar eagraíocht lánpháirtíochta réigiúnaí a chomhroinnt le ceann de na creataí comhair cosanta sibhialta is forbartha, chomh maith lena sheasamh mar cheann de na deontóirí daonnúla is mó. Dá bhrí sin, bheadh rannpháirtíocht fhoirmiúil an Aontais san idirbheartaíocht maidir le coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta amháin.

- **Comhréireacht**

Is é rannpháirtíocht an Choimisiúin sa chaibidlíocht fhoirmiúil faoi choinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí an bealach is oiriúnaí chun prionsabail an chomhair idirnáisiúnta, na cabhrach daonnúla, na hurraime do chearta an duine agus phrionsabal na dlúthpháirtíochta a chur chun cinn, prionsabail a bhféachann an tAontas lena gcur chun cinn laistigh agus lasmuigh den Aontas. D'áiritheofaí leis an rannpháirtíocht freisin seasamh aonfhoirmeach ón Aontas agus chosnófaí comhsheasmhacht an choinbhinsiúin a bheidh ann amach anseo le *acquis* an Aontais maidir leis an gcosaint shibhialta agus an chabhair dhaonnúil.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur le rannpháirtíocht an Aontais sa chaibidlíocht agus lena

---

18 Airteagal 4(4), 6, pointe (f), 196 agus 214 CFAE.

n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Is é is cuspóir don choinbhinsiún idirnáisiúnta an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn chun daoine a chosaint i gcás tubaistí, agus aghaidh a thabhairt ar a riachtanais agus a gcearta bunúsacha a chosaint an tráth céanna, mar a aithnítear sna Conarthaí agus faoi Chairt na Náisiún Aontaithe.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar. Níl aon impleacht bhuiséadach ag an gcinneadh. Ní mór aghaidh a thabhairt ar aon mhéadú ar an ualach oibre trí ath-leithdháileadh agus ath-imlonnú laistigh de na seirbhísí. Ba cheart aon mhaoiniú a theacht ó ath-imlonnuithe laistigh d'imchlúdaigh bhuiséadacha atá ann cheana le haghaidh na gclár atá ann cheana.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann le hábhar.

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht laistigh d'Eagraíocht na Náisiún Aontaithe le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 196 agus Airteagal 214(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mí na Nollag 2024, bheartaigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe comhaontú iltaobhach a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích, roimh dheireadh 2027, maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí ar bhonn na nDréacht-Airteagal a ghlac an Coimisiún Dlí Idirnáisiúnta in 2016.

(2) Baineann na Dréacht-Airteagail leis an gcosaint shibhialta agus leis an gcabhair dhaonnúil, dhá réimse ina dtugann an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) inniúlachtaí don Aontas.

(3) Ós rud é nach bhfuil aon ionstraim dlí idirnáisiúnta chuimsitheach ann faoi láthair maidir leis an ábhar sin, is é is cuspóir don chomhaontú idirnáisiúnta an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn chun daoine a chosaint i gcás tubaistí, agus aghaidh a thabhairt ar a riachtanais agus a gcearta bunúsacha a chosaint an tráth céanna, mar a aithnítear sna Conarthaí agus faoi Chairt na Náisiún Aontaithe.

(4) Ó bhí 2011 ann, chuir an tAontas a thuairimí in iúl go gníomhach don Choimisiún Dlí Idirnáisiúnta agus na Dréacht-Airteagail maidir le Daoine a Chosaint i gCás Tubaistí á mionsaothrú aige agus ba dhíol sásaimh dó gur glacadh iad.

(5) Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht faoi chomhaontú idirnáisiúnta faoi choimirce na Náisiún Aontaithe maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí údaraithe.

*Airteagal 2*

Leis seo, ainmnítear an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhíreofar na treoracha caibidlíochta a leagtar amach mar aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí de chuid na Comhairle, a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*